webwise.ie

# FÁILTE CHUIG UIRLIS WEBWISE UM ATHBHREITHNIÚ AR SHÁBHÁILTEACHT AR LÍNE

Uirlis chuimsitheach um athbhreithniú ar shábháilteacht ar líne a dearadh chun cabhrú le scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaí agus a gcleachtas maidir le Sábháilteacht ar Líne.



An Roinn Oideachais
Department of Education

Co-funded by the European Union

# FÁILTE CHUIG UIRLIS WEBWISE UM ATHBHREITHNIÚ AR SHÁBHÁILTEACHT AR LÍNE



Uirlis chuimsitheach um athbhreithniú ar shábháilteacht ar líne a dearadh chun cabhrú le scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaí agus a gcleachtas maidir le Sábháilteacht ar Líne.

## Cad is Uirlis Webwise um Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne ann?

In aois dhigiteach na linne seo, agus an teicneolaíocht ag dul i bhfeidhm ar gach gné den oideachas tá sé ríthábhachtach sábháilteacht agus slándáil ar líne a chinntiú do scoláirí. Agus forás mear ar úsáid an idirlín, tá dúshláin roimh scoileanna chun rioscaí ar líne a bhainistiú agus a mhaolú, agus dúshláin iad seo atá ag fás de shíor.

Dearadh an uirlis chuimsitheach seo um athbhreithniú ar shábháilteacht ar líne chun cabhrú le scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaí agus a gcleachtas maidir le Sábháilteacht ar Líne. Leagann an uirlis athbhreithnithe amach roinnt céimeanna maidir le sábháilteacht ar líne ar gá do scoileanna a chur i bhfeidhm chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar a mbearta sábháilteachta ar líne agus chun feabhas a chur orthu. Cuireann sí deis ar fáil do scoileanna machnamh a dhéanamh ar a gcuid láidreachtaí, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus rochtain a fháil ar thacaíochtaí agus treoir saor in aisce chun cur chuige don scoil uile a chinntiú maidir le sábháilteacht ar líne.

# Do thuras athbhreithnithe

1. **An Cultúr agus an Timpeallacht**
2. **Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí**
3. **Curaclam**
4. **Polasaí, Pleanáil agus Cleachtas**

Baineann an uirlis go sonrach leis an Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat Cleachtais agus leagtar amach í faoi Cheithre Phríomhréimse chun an Fholláine a Chur Chun Cinn.
Faoi na príomhréimsí seo, is féidir le scoileanna a gcur chuige reatha maidir le sábháilteacht ar líne a athbhreithniú agus a mheasúnú, lena náirítear slándáil, cosaint sonraí, sábháilteacht agus feasacht an fhoghlaimeora, rannpháirtíocht an tuismitheora agus an fhoghlaimeora, cibearshlándáil, saoránacht dhigiteach agus oiliúint d'oideachasóirí.



# Aidhmeanna na huirlise



**Sábháilte:** Treoraíocht saor in aisce agus céimeanna molta maidir le sábháilteacht ar líne ar féidir le scoileanna a chur i bhfeidhm chun go bhfanann leanaí slán agus iad ar líne

---

**Slán:** Tugtar achoimre ar na céimeanna do chur chuige réamhghníomhach don scoil uile chun rioscaí agus baoil maidir le sábháilteacht ar líne a mhaolú

---

**Eolach:** Cabhrú le scoileanna feasacht a ardú i measc ball foirne agus scoláirí maidir lena gcearta, freagrachtaí, deiseanna agus rioscaí sa timpeallacht ar líne

---

**Cumasaithe:** An teolas agus na scileanna a sholáthar don fhoireann agus do scoláirí chun leas a bhaint as na deiseanna atá le fáil ón teicneolaíocht dhigiteach agus ón Idirlíon

---

# Treoracha

01 Cuirtear 4 Phríomhréimse os comhair úsáideoirí: Cultúr agus Timpeallacht; Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí; Curaclam; Polasaí, Cleachtas agus Pleanáil. Glac roinnt ama chun réamhamharc a thabhairt ar ráitis tacaíochta a léiríonn cur chuige na scoile maidir le sábháilteacht ar líne.

02 Comhoibriú: Ag brath ar mhéid na scoile, seans go dteastódh ionchur ó bhaill foirne éagsúla, mar shampla an Comhordaitheoir OSPS, Ceannaire na Foghlama Digití, foireann riaracháin, etc.

03 Cuir tús leis an athbhreithniú: Ag brath ar mhéid na scoile, seans go dteastódh ionchur ó bhaill foirne éagsúla, mar shampla an Comhordaitheoir OSPS, Ceannaire na Foghlama Digití, foireann riaracháin, etc.

04 Cuirfear liosta acmhainní i do láthair chun cabhrú leat le linn do thurais maidir le sábháilteacht ar líne.

05 Glac am chun amharc ar na réimsí ar gá iad a fheabhsú trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá curtha ar fáil.

06 Chun dul siar ar an uirlis: Is féidir le húsáideoirí logáil isteach am ar bith agus uasdátú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach maidir le sábháilteacht ar líne sa rannán Mo Dhoiciméid.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.1 Misean/éiteas na Scoile

Tá éiteas agus cultúr dearfach scoile bunriachtanach chun dea-chaidrimh agus iompar dearfach a fhorbairt sa seomra ranga, sa scoil agus sa phobal i gcoitinne. Déanann an ghné seo cur síos ar na róil atá acu siúd a bhfuil freagracht acu as straitéis na scoile maidir le sábháilteacht ar líne lena náirítear ceannairí scoile agus an Bord Bainistíochta.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá an Bord Bainistíochta tar éis an polasaí scoile ábhartha a dhaingniú (Polasaí Frithbhulaíochta, Cód Iompair agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí) maidir le sábháilteacht ar líne.**<br>• Tá bord bainistíochta ag gach scoil a dhéanann daingniú ar bheartais a chuirtear os a gcomhair. Ar na beartais éigeantacha nach mór don bhord iad a dhaingniú, tá: Polasaí Frithbhulaíochta, Cód Iompair agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Cé nach bhfuil sé éigeantach go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta an Polasaí Úsáide Inghlactha a dhaingniú, meastar gur dea-chleachtas é amhlaidh a dhéanamh. Lena chois sin, ní mór don Bhord Bainistíochta tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus ar an dóigh a chuireann an scoil é i bhfeidhm. | ☐ | ☐ |
| **Tá róil shoiléire ag an scoil i dtaca le tacaíocht a thabhairt dá cur chuige maidir le sábháilteacht ar líne mar shampla, d'fhéadfadh an scoil Comhordaitheoir Foghlama Digití a cheapadh a bhfuil freagrachtaí soiléire aige/aici.**<br>• San áit a bhfuil Comhordaitheoir Foghlama Digití ann is dea-chleachtas é ról soiléir a bheith ann. Áirítear leis sin a gcuid tacaíochta maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Foghlama Digití agus sábháilteacht ar líne. Is féidir leis an scoil aontú ar róil le baill foirne ábhartha lena náirítear Comhordaitheoir OSPS, comhairleoir treorach, foireann atá freagrach as Cosaint Sonraí agus Slándáil Theicniúil laistigh den scoil, de réir mar is cuí/ábhartha. | ☐ | ☐ |
| **Tuigeann an Fhoireann Ceannaireachta Ionscoile (ISM) a bhfreagrachtaí maidir le sábháilteacht ar líne**<br>• Áirítear leis sin a bhfreagrachtaí maidir le polasaí, cumhdach, curaclam, cosaint sonraí, forbairt ghairmiúil leanúnach, cearta agus freagrachtaí foghlaimeoirí, riachtanais theicniúla, nósanna imeachta tuairiscithe agus láimhseáil eachtraí. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.1 Misean/éiteas na Scoile

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Éascaíonn an Fhoireann Ceannaireachta Ionscoile próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha atá cumasaithe chun páirt a ghlacadh i bhforbairt polasaithe.**<br>• Is dea-chleachtas é próiseas comhairliúcháin i bhforbairt polasaí scoile a bheith ann chun scoláirí, múinteoirí, agus Tuismitheoirí/Caomhnóirí a chur san áireamh de réir mar is cuí. Téitear i gcomhairle leis an bpobal scoile nuair a bhíonn a cur chuige maidir le sábháilteacht ar líne á fhorbairt aici. Áirítear leis an gCleachtas aiseolas a bhailiú trí shuirbhéanna, cumarsáid trí nuachtlitreacha, suíomh gréasáin, na meáin shóisialta etc. Áirítear le pobal na scoile foireann iomlán na scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimeoirí agus an pobal i gcoitinne, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe eile san áireamh, amhail An Garda Síochána. Trí chaidreamh le páirtithe leasmhara deimhnítear go mbíonn clár comhoibríoch, cuimsitheach ann maidir le sábháilteacht ar líne ina gcuirtear peirspictíochtaí agus eispéiris éagsúla san áireamh. Déantar é sin a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn rialta sa dóigh is go mbíonn sé i gcónaí éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus dúshláin maidir le sábháilteacht ar líne atá ag forbairt de shíor. Conas AUP a fhorbairt: https://www.webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/conas-polasai-usaide-inghlactha-a-reiteach/ | ☐ | ☐ |
| **Tá nósanna imeachta ann chun eachtraí maidir le sábháilteacht ar líne a thuairisciú.**<br>• Tá an fhoireann uile ar an eolas faoi na nósanna imeachta maidir le tuairisciú, an bhulaíocht san áireamh. Má bhíonn ábhar imní ann maidir le cosaint leanaí ní mór nósanna imeachta ábhartha um Chosaint Leanaí a leanúint. | ☐ | ☐ |
| **Glacann gach ball foirne freagracht ghníomhach as sábháilteacht ar líne sa scoil.**<br>• Áirítear leis sin dea-chleachtas a leagan amach, feasacht a ardú i measc phobal uile na scoile, polasaí agus nósanna imeachta a thuiscint, oideachas a chur ar fhoghlaimeoirí. | ☐ | ☐ |
| **Is ionann cultúr na scoile agus cultúr ina dtuigeann agus ina nglacann foghlaimeoirí le hiompar cuí ar líne agus ina nglacann siad dearcadh dearfach chucu féin.**<br>• Déantar polasaí ábhartha scoile a fhorbairt i gcomhar le baill foirne agus foghlaimeoirí, agus déantar é a chur in iúl dóibh trí bhealaí/mheáin éagsúla, mar shampla; socraithe idir an baile agus an scoil; suirbhéanna; splancscáileáin ríomhaire; póstaeir a chuirtear ar taispeáint in áiteanna ina núsáidtear an teicneolaíocht; nuachtlitreacha; suíomh gréasáin; na meáin shóisialta; etc. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.1 Misean/éiteas na Scoile

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá prótacail aontaithe idir ceannairí scoile agus an bord bainistíochta d'eachtraí taobh amuigh den scoil a théann i bhfeidhm ar fholláine foirne agus foghlaimeoirí.**<br>• Faoi mar a tugadh breac-chuntas air i Rannán 2.6 sa leagan uasdátaithe de Bí Cineálta – Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna chun dul i nGleic le hIompar Bulaíochta: Ní bhítear ag súil go mbeidh scoil ag plé le hiompar bulaíochta a tharlaíonn nuair nach mbíonn scoláirí faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile. Mar sin féin, má bhíonn tionchar ag an iompar bulaíochta ar an scoil, tá gá ann go mbeidh scoileanna ag tabhairt tacaíochta do na scoláirí atá páirteach. Má leanann an iompar bulaíochta ar aghaidh sa scoil, ba cheart go mbeadh scoileanna ag plé leis de réir a bpolasaí Bí Cineálta. Féach Rannán 6.2 de na nósanna imeachta seo. | ☐ | ☐ |

### 1.2 Slándáil Theicniúil

Baineann slándáil theicniúil le bainistíocht ar líonraí, ar chórais, ar ghléasanna agus ar shonraí na scoile chun a chinntiú go bhfuil siad slán. Laghdaíonn sé an riosca a bhaineann le cibirionsaithe (aon iarracht chun rochtain neamhúdaraithe a fháil ar ríomhaire, córas ríomhaireachta nó líonra ríomhairí chun dochar a dhéanamh) agus le cosaint in éadan caillteanais sonraí.

Tabhair faoi deara: B'fhéidir nach mbainfeadh na ráitis seo a leanas le gach scoil agus tá siad faoi réir na nacmhainní daonna a bheith ar fáil don scoil.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá líonra slán ag an scoil chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe agus ar ábhar mailíseach.**<br>• Tá straitéis shoiléir um shlándáil theicniúil curtha ar bun ag an scoil, treoraithe ag iniúchtaí inmheánacha, agus Ceannairí Sinsearacha á tiomáint, chun cur chuige réamhghníomhach a chinntiú i dtaca le cosaint líonraí agus gléasanna. Tá bonneagar líonra slán curtha i bhfeidhm acu chun rochtain neamhúdaraithe a mhaolú agus bagairtí féideartha agus ábhar dochrach a scagadh amach go réamhghníomhach. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.2 Slándáil Theicniúil

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá cead soiléir sa scoil agus é bunaithe ar róil maidir le rochtain ar líonraí, Wi-Fi, gléasanna agus sonraí. D'fhéadfadh go mbeadh an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide, an Fhoireann Riaracháin, Múinteoirí, baill foirne eile, Foghlaimeoirí, Cuairteoirí san áireamh sna róil seo.**<br>● Cuireann an scoil rialuithe diana rochtana i bhfeidhm, agus bíonn róil agus ceada faoi leith á sannadh aici chun rochtain ar líonraí agus gléasanna gan sreang a rialú. Cinntíonn sé sin go bhfuil timpeallacht shlán agus eagraithe ann le haghaidh úsáideoirí agus leibhéil éagsúla údaraithe acu, mar shampla d'fhéadfadh roinnt SSID (Aitheantóir Líonra gan Sreang) a bheith ag an líonra gan sreang, ainm atá sainithe do líonra gan sreang, a cheadaíonn do ghléasanna ceangal leis an líonra áirithe sin agus é a aithint e.g., Múinteoir, Scoláire, Cuairteoir. | ☐ | ☐ |
| **Déantar Uasdátuithe bogearraí a shuiteáil de réir mar a chuireann na soláthraithe bogearraí ar fáil iad. (Ní mór é sin a bheith déanta ag cuideachta tacaíochta TF nó ag foireann inmheánach TF).**<br>● Fanann ríomhairí na scoile slán agus cothrom le dáta agus na gnéithe agus cosaintí is déanaí acu ar an ábhar go ndéanann an chuideachta tacaíochta TF nó an fhoireann inmheánach TF uasdátuithe a shuiteáil ar bhonn rialta. | ☐ | ☐ |
| **Tá próiseas láidir bainistithe pasfhocal i bhfeidhm ag an scoil.**<br>● Tá iontráil atá daingnithe ag pasfhocal ag gach úsáideoir chuig córais bhunriachtanacha scoile. | ☐ | ☐ |
| **Déanann an soláthraí TF nó an riarthóir inmheánach faireachán ar an líonra agus iniúchadh riosca ar bhonn rialta.**<br>● Déanann cuideachta tacaíochta TF na scoile nó riarthóir inmheánach faireachán ar an líonra agus iniúchtaí riosca i rith an ama chun feabhas a chur ar shlándáil agus chun aghaidh a thabhairt ar laigí féideartha, agus cuireann siad san áireamh leibhéal breise slándála trí Fhíordheimhniú Ilfhactóra (MFA) nuair is infheidhme. | ☐ | ☐ |
| **Comhlíonann an scoil rialacháin ábhartha cosanta sonraí agus dlíthe príobháideachais chun sonraí úsáideoirí a chosaint.**<br>● Chun cloí le rialacháin cosanta sonraí agus dlíthe príobháideachais, déanann an scoil athbhreithnithe ar bhonn rialta agus tá beartais phríobháideachais agus cleachtais láimhseála sonraí slán curtha i bhfeidhm aici d'fhonn sonraí úsáideoirí a chosaint agus tá nósanna imeachta ann chun sáruithe ar shonraí a thuairisciú. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.2 Slándáil Theicniúil

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Cuirtear oiliúint chibearshlándála ar bhaill foirne agus ar fhoghlaimeoirí go tráthrialta maidir leis na córais a bhfuil rochtain acu orthu.**<br>• Faigheann an fhoireann uile/gach úsáideoir údaraithe oiliúint chun beartais slándála córais agus dea-chleachtais a thuiscint agus a leanúint. | ☐ | ☐ |
| **Tá polasaí slándála ag an scoil agus déantar é a nuashonrú ar bhonn rialta.**<br>• Tá polasaí slándála ag an scoil agus déantar é a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta chun a chinntiú go mbíonn sé i gcónaí éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála atá ag forbairt de shíor. | ☐ | ☐ |
| **Tá plean ag an scoil chun an tionchar a bhíonn ag cibirionsaí a chosc nó a mhaolú agus tá sonraí teagmhála aici do dhaoine/eagraíochtaí seachtracha ar féidir leo tacaíocht a sholáthar.**<br>• I gcás aon eachtra slándála, tá plean réidh le cur i bhfeidhm ag an scoil, lena náirítear sonraí teagmhála tríú páirtí tacaíochta chun a chinntiú go mbeidh siad ullamh chun cibirionsaithe nó eachtraí slándála féideartha a láimhseáil agus freagairt dóibh ar bhonn tapa, éifeachtach. | ☐ | ☐ |

### 1.3 Scagadh

Scagadh: Is gné riachtanach agus chomhtháite den tseirbhís leathanbhanda é scagadh ábhar a chuirtear ar fáil do scoileanna i gClár Leathanbhanda na Scoileanna. Is é is aidhm do scagadh ábhair ná a chinntiú nach mbíonn rochtain ar shuíomhanna gréasáin agus ar ábhar míchuí laistigh de scoileanna.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Is eol don scoil go bhfuil scagadh ábhair ina ghné an-tábhachtach de shábháilteacht idirlín do sheirbhís leathanbhanda fhoriomlán na scoile.**<br>• Is gné riachtanach agus chomhtháite den tseirbhís leathanbhanda é scagadh ábhar a chuirtear ar fáil do scoileanna i gClár Leathanbhanda na Scoileanna. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.3 Scagadh

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá Scagadh Ábhair cumasaithe agus úsáideann an scoil é chun tacú le teagasc agus foghlaim.**<br>● Is é is aidhm le scagadh ábhar ná a chinntiú (a mhéid is féidir) nach bhfuil rochtain ar shuíomhanna gréasáin agus ar ábhar míchuí laistigh de scoileanna. Laistigh den tseirbhís scagtha ábhair, tugtar an deis do scoileanna sé leibhéal éagsúla de scagadh ábhair a roghnú ionas gur féidir leo an leibhéal is fearr a oireann dá gcás áirithe féin, aoisghrúpa na bhfoghlaimeoirí etc a roghnú. | ☐ | ☐ |
| **Déanann an scoil athbhreithniú ar a leibhéal/leibhéil scagtha ábhair ar bhonn rialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil siad oiriúnach do riachtanais na scoile.**<br>● Ba cheart do scoileanna measúnú a dhéanamh ar a socruithe scagtha ábhair ar bhonn tréimhsiúil chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann siad na riachtanais oideachasúla le haghaidh teagaisc agus foghlama. Lena chois sin, tá sé de rogha ag scoileanna scagadh ilchodach ábhair (SLCF) a chur i bhfeidhm le haghaidh gléasanna foirne agus foghlaimeoirí. Trí iarraidh a dhéanamh ar an dara leibhéal scagtha tríd an Deasc Seirbhísí Leathanbhanda, is féidir le scoileanna a rogha leibhéil scagtha ábhair 1-6 a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na leibhéil scoilte. | ☐ | ☐ |
| **Is eol do scoileanna gur féidir leo a leibhéal scagtha a athrú ach teagmháil a dhéanamh le Deasc Seirbhísí Leathanbhanda na Scoileanna.**<br>● Le himeacht aimsire, d'fhéadfadh athrú teacht ar riachtanais scoile maidir leis an gcineál ábhair ar líne ar ghá dóibh rochtain a fháil air. Mar shampla, b'fhéidir go ndéanfadh scoil an cinneadh go bhfuil a leibhéal reatha scagtha ábhair rótheorantach nó mar mhalairt air sin gur gá é a bheith níos teorantaí. Más amhlaidh an cás, tá próiseas ann atá éasca le húsáid trínar féidir le scoileanna a leibhéal scagtha ábhair a athrú trí theagmháil a dhéanamh le Deasc Seirbhísí Leathanbhanda na Scoileanna. | ☐ | ☐ |
| **Tá nósanna imeachta cuí ann sa dóigh is gur féidir le gach ball de phobal na scoile rochtain ar ábhar idirlín míchuí a thuairisciú chuig lucht bainistíochta na scoile.**<br>● De réir pholasaí ábhartha na scoile, agus de réir an dea-chleachtais, ba cheart nósanna imeachta ábhartha a bheith ag an scoil maidir le tuairisciú chuig lucht bainistíochta na scoile, i gcás ina ndearna úsáideoirí ábhar míchuí a rochtain. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 1. An Cultúr agus an Timpeallacht

### 1.3 Scagadh

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá polasaí ag an scoil i dtaca le haon ghléas pearsanta ar féidir leis rochtain a fháil ar an idirlíon, go ndéantar amhlaidh trí cheangal leathanbhanda na scoile.**<br>● Is dea-chleachtas é d'aon bhall foirne/foghlaimeoir a bhíonn ag rochtain ábhair ar líne trína gcuid gléasanna pearsanta go núsáideann siad ceangal leathanbhanda na scoile, lena ndéantar scagadh ábhair, chun é sin a dhéanamh. Seachas sin, d'fhéadfadh úsáideoirí ábhar ar líne a rochtain gan aon scagadh ábhair a bheith ann. | ☐ | ☐ |

## 2. Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

### 2.1 Guth an Scoláire

Déantar cur síos sa ghné seo ar an dóigh a gcuireann an scoil foghlaimeoirí san áireamh maidir le forbairt agus athbhreithniú ar pholasaí agus cleachtas maidir le sábháilteacht ar líne.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Cuireann foghlaimeoirí le cur chuige na scoile maidir le sábháilteacht ar líne a fhorbairt.**<br>● Cuireann an scoil foghlaimeoirí san áireamh nuair atá polasaí agus cleachtas sábháilteachta ar líne á bhforbairt agus á nathbhreithniú. Cuir deiseanna ar fáil dóibh chun a dtuairimí agus a gcomhairle a chur in iúl, mar shampla trí chomhairle scoláirí, gníomhaíochtaí agus ceardlanna piarthreoraithe. Bí ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as grúpaí fócais nó suirbhéanna na scoile uile chun cur le líon na rannpháirtithe, agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar fhoghlaimeoirí sa scoil. | ☐ | ☐ |
| **Cuirtear guth an scoláire san áireamh i bhforbairt agus i gcur i láthair na gclár agus na gceachtanna maidir le sábháilteacht ar líne.**<br>● Tá córais ann chun aiseolas agus tuairimí scoláirí a thaifeadadh agus chun cláir maidir le sábháilteacht ar líne a athbhreithniú agus a sholáthar. Agus aois mar aon le cumas cognaíoch na cuallachta scoláirí á gcur san áireamh, déan bealaí a fhorbairt inar féidir leo a bheith rannpháirteach ar bhonn gníomhach sa chur chuige maidir le sábháilteacht ar líne e.g. tionóil, ceachtanna, seisiúin le tuismitheoirí, gníomhaíochtaí piaraí, feachtais etc. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 2. Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

### 2.1 Guth an Scoláire

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Cuireann an scoil deiseanna ar fáil le haghaidh piarfhoghlama de réir mar is cuí.**<br>● Is uirlis chumhachtach é an toideachas idir phiaraí chun tuiscint a threisiú. Nuair a bhíonn scoláirí ag múineadh do dhaoine eile, daingníonn siad a gcuid eolais agus tuisceana féin maidir le sábháilteacht ar líne. Tabhair spreagadh do scoláirí chun páirt a ghlacadh i gclár piarfhoghlama amhail an Clár d'Ambasadóirí an Lae le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte. Smaoinigh ar bhealaí inar féidir le daoine óga cabhrú le hobair maidir le sábháilteacht ar líne i scoileanna comhpháirtíochta nó le bliainghrúpaí níos óige e.g. leanaí in aois iar-bhunscoile ag obair le leanaí bunscoile. Déan iniúchadh ar dheiseanna do scoláirí foghlaim faoi shábháilteacht ar líne a roinnt lena bpiaraí mar shampla trí Fheachtais um Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, ceardlanna a óstáil dá bpiaraí nó nascadh le bunscoileanna. | ☐ | ☐ |
| **Bíonn foghlaimeoirí ag cur le himeachtaí maidir le sábháilteacht ar líne ar bhonn gníomhach taobh istigh de phobal níos leithne na scoile e.g. tráthnónta do thuismitheoirí, cláir foghlama do theaghlaigh etc.**<br>● Tá deiseanna ann do thuismitheoirí cuidiú le himeachtaí tuismitheoirí/caomhnóirí mar shampla, a dtuairimí a léiriú nó páirt a ghlacadh i bplé painéil. | ☐ | ☐ |

## 2. Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

### 2.2 Pobal na Scoile Uile

Pobal na Scoile Uile: Déantar cur síos sa rannán seo ar an mbealach a gcuireann an scoil tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar líne.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 2. Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

### 2.2 Pobal na Scoile Uile

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Óstálann an scoil imeachtaí/cruinnithe le haghaidh tuismitheoirí/caomhnóirí ina dtugtar aghaidh ar shábháilteacht ar líne.**<br>● Léiríonn taighde gurb iad tuismitheoirí/caomhnóirí an phríomhfhoinse chúnaimh a bhíonn ann nuair a chuireann rud éigin a tharla ar líne isteach ar na leanaí, agus is iad na tuismitheoirí príomhoideoirí a gcuid leanaí. Mar gheall go bhfuil leanaí ag caitheamh níos mó agus níos mó ama ar líne sa bhaile, tá sé riachtanach oideachas a chur ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir leis seo chun go mbeidh siad in ann iompar cuí ar líne a threisiú. | ☐ | ☐ |
| **Cuireann an scoil tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le hacmhainní agus imeachtaí a bhaineann le sábháilteacht ar líne e.g. acmhainní agus seimineáir ghréasáin Mhol Webwise do Thuismitheoirí.**<br>● Cuireann Mol Webwise do Thuismitheoirí treoir agus faisnéis phraiticiúil ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le buncheisteanna ar nós úsáid na teicneolaíochta sa bhaile, rialúcháin tuismitheoirí, ag bainistiú ama ar líne, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, cumarsáid mheasúil ar líne, an chibearbhulaíocht, an ghnéastéacsáil agus roinnt íomhá agus conas páirt a ghlacadh i saol a bpáistí ar líne ar bhealach dearfach. Trí fhíseáin a úsáid, cuireann ár saineolaithe comhairle ar fáil faoi gach rud, mar shampla, labhairt le do pháiste faoi ghnéastéacsáil agus conas dea-iompar a léiriú. Is furasta teacht ar eolas ar an Mol maidir le conas cúnamh breise agus tacaíocht a fháil chun dul i ngleic le hábhar mídhleathach nó úsáid dhíobhálach an idirlín. | ☐ | ☐ |
| **Déanann an scoil gach iarracht dul i dteagmháil le gach tuismitheoir/caomhnóir sna cláir maidir le sábháilteacht ar líne.**<br>● Cuirtear deiseanna éagsúla ar fáil chun faisnéis maidir le sábháilteacht ar líne a chur in iúl. Cuirtear in iúl é trí réimse meán e.g. tionóil duine le duine, seimineáir ghréasáin, cruinnithe ar líne, nuachtlitir, suíomh gréasáin, na meáin shóisialta. Coinnigh an teanga agus an chumarsáid soiléir, inrochtana agus saor ó bhéarlagair. Tarraing aird ar fhaisnéis atá ar fáil i dteangacha éagsúla trí https://www.betterinternetforkids.eu/resources. Cuir deiseanna ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí chun bualadh isteach, bí feiceálach sa scoil agus bí ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 2. Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

### 2.2 Pobal na Scoile Uile

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá nósanna imeachta soiléire ann le haghaidh tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an dóigh a dtéitear i ngleic le saincheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne agus an bealach a ndéantar iad a thuairisciú.**<br>● Is dea-chleachtas é go ndéantar na nósanna imeachta seo a chur in iúl. Déan cinnte go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le polasaí ábhartha na scoile. Ardaigh feasacht i measc tuismitheoirí/caomhnóirí agus cúramóirí maidir leis an dóigh chun saincheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne a thuairisciú agus maidir leis na próisis atá ag an scoil chun freagairt dóibh sin. | ☐ | ☐ |
| **Déanann an scoil measúnú ar éifeachtúlacht naimeachtaí/cumarsáide do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le sábháilteacht ar líne e.g. freastal ar imeachtaí maidir le sábháilteacht ar líne; suirbhéanna; plé etc.**<br>● Cuir aiseolas ó na himeachtaí seo san áireamh sna hathbhreithnithe agus uasdátuithe ar pholasaithe agus ar chleachtais. | ☐ | ☐ |
| **Cuireann an scoil tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh san oideachas maidir le sábháilteacht ar líne.**<br>● D'fhéadfadh saineolas a bheith ann i measc do phobail tuismitheoirí agus b'fhéidir gur féidir leo cuidiú leis an oideachas maidir le sábháilteacht ar líne de réir mar is cuí. | ☐ | ☐ |
| **Tá tuismitheoirí/caomhnóirí eolach ar an bPolasaí Úsáide Inghlactha, agus tá siad tar éis é a shíniú agus a sheoladh ar ais.**<br>● Is doiciméad tábhachtach é Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) ina bpléitear leis na cearta, pribhléidí, freagrachtaí agus smachtbhannaí ar fad a bhaineann le húsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den scoil, lena náirítear a núsáid ar líne agus as líne. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 3. Curaclam

### 3.1 Teagasc agus Foghlaim

Cuireann an ghné seo ar a cumas don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a dhéanann sí ar bhonn éifeachtach chun foghlaimeoirí a ullmhú chun a bheith ina núsáideoirí sábháilte, eiticiúla, freagracha laistigh den scoil agus lasmuigh di.

Déantar clár oideachais pleanáilte maidir le sábháilteacht ar líne agus saoránacht dhigiteach a chur i bhfeidhm mar chuid den churaclam OSPS agus Folláine (agus réimsí ábhair eile de réir mar is ábhartha) a dhéanann tagairt don dea-chleachtas reatha trí raon deiseanna curaclaim e.g. úsáid a bhaint as Acmhainní Webwise; iniúchadh ar thopaicí. amhail litearthacht na meán agus na faisnéise; folláine ar líne a bhainistiú; cearta agus freagrachtaí ar líne etc.
Cuireann Webwise acmhainní oideachais saor in aisce bunscoile agus iar-bhunscoile ar fáil. An Clár Bí Sábháilte – Bunscoileanna.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Déanann múinteoirí cleachtais taighde éifeachtacha a mhúnlú agus a léiriú ina gcuid teagaisc agus déanann siad iarracht feasacht a ardú faoi na rioscaí a bhaineann le bréagaisnéis agus mífhaisnéis ar líne.**<br>● Déan scileanna smaointeoireachta criticiúla leanaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar ábhar ar líne. Teagasc dóibh an bealach chun iontaofacht faisnéise a cheistiú, chun bréagaisnéis agus mífhaisnéis a aithint, agus chun foinsí a sheiceáil. | ☐ | ☐ |
| **Tá foghlaimeoirí eolach ar shaincheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne agus teagasctar straitéisí dóibh chun a mbealach a dhéanamh ar an idirlíon go sábháilte.**<br>● Múintear d'fhoghlaimeoirí faoi na deiseanna a bhaineann leis an domhan ar líne, faoi bheith sábháilte agus slán ar líne, faoi chumarsáid shábháilte mheasúil, faoin dóigh le rioscaí ar líne a aithint agus an bealach chun freagairt dóibh (e.g. bulaíocht, bréagaisnéis/mífhaisnéis, ábhar míchuí/dochrach), chun a bhfolláine ar líne a bhainistiú, maidir le príobháideachas, smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt, etc. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 3. Curaclam

### 3.1 Teagasc agus Foghlaim

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Teagasctar d'fhoghlaimeoirí faoi iompar freagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach.**<br>● Is éard atá i gceist le saoránacht dhigiteach an cumas a bheith agat páirt dhearfach agus ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí tríd an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid. Le bheith ina saoránaigh dhigiteacha chumasacha, ní mór an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a bheith ag daoine óga. Ar na hinniúlachtaí atá de dhíth, ní mór na scileanna digiteacha a bheith agat chun faisnéis ar líne a mheas, ní mór feasacht an tomhaltachais ar líne a bheith agat mar aon le tuiscint ar shaincheisteanna príobháideachais agus slándála. Ina measc siúd freisin, áirítear inniúlachtaí ginearálta na saoránachta ar nós meas agus comhbhá i leith a chéile. | ☐ | ☐ |
| **Tá clár oideachais na scoile maidir le sábháilteacht ar líne i gcomhréir leis na curaclaim reatha.**<br>● Is féidir sonraí faoi churaclam ábhartha a aimsiú anseo:<br>Curaclam OSPS na Bunscoile<br>Curaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí<br>Curaclam OSPS na Sraithe Sinsearaí | ☐ | ☐ |
| **San oideachas maidir le sábháilteacht ar líne déantar iniúchadh ar na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon agus an teicneolaíocht dhigiteach chomh maith leis na míbhuntáistí.**<br>● Bíonn cur chuige cothromaithe ag baint leis na ceachtanna agus foghlaimeoirí eolach ar na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon chomh maith leis na rioscaí. | ☐ | ☐ |
| **Bíonn dul chun cinn i gceist i gcur chuige na scoile i dtaca le hoideachas um shábháilteacht ar líne, agus cuireann ceachtanna leis an bhfoghlaim roimhe seo.**<br>● Glacann ceachtanna cur chuige bíseach agus forbartha ina mbíonn foghlaimeoirí ag dul siar ar phríomhthéamaí agus ag cur le foghlaim roimhe seo. | ☐ | ☐ |
| **Bíonn deiseanna ann chun dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a mheasúnú.**<br>● Cuir deiseanna ar fáil le haghaidh aiseolas múnlaitheach agus machnaimh ag deireadh na gceachtanna. Cuir tráth na gceist agus measúnuithe scríofa san áireamh mar bhealach chun tuiscint a mheas chomh maith le tionscadail, amhail podchraoladh scoile maidir le sábháilteacht ar líne, feachtas ar na meáin shóisialta nó scannáin maidir le sábháilteacht ar líne, a thabharfaidh an deis d'fhoghlaimeoirí chun a gcuid eolais a chur in iúl ar bhealach atá ábhartha dóibh féin. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 3. Curaclam

### 3.1 Teagasc agus Foghlaim

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá sábháilteacht ar líne go hiomlán neadaithe i ngach gné ábhartha den churaclam, i ngach bliain agus i ngníomhaíochtaí scoile eile, gníomhaíochtaí seach-churaclaim san áireamh.**<br>• Bíonn fiú na scoileanna a chaitheann cuid mhór ama ag teagasc na réimsí seo ag streachailt chun am a chur ar leataobh taobh istigh de churaclam gnóthach, mar sin is minic gurb é an cur chuige is fearr ná deiseanna a aimsiú taobh istigh d'ábhair eile chun coincheapa sonracha a theagasc a bhaineann le sábháilteacht ar líne nó litearthacht sna meáin. Mar shampla, tá cuid mhór deiseanna ann i gceachtanna litearthachta chun a bheith ag taispeáint conas ar féidir faisnéis a chur i láthair ar bhealach difriúil ar líne (áirítear leis sin, chun bob a bhualadh nó dallamullóg a chur ar dhuine); is féidir iniúchadh a dhéanamh le linn ceachtanna staire ar bhunchúiseanna agus iompar ón am atá thart agus ar an gcaoi a bhféadfadh siad sin a bheith cosúil nó neamhchosúil le hiompar daoine ar líne san am i láthair; cuireann ceachtanna corpoideachais an deis ar fáil chun comhairle maidir le sláinte, folláine agus aiste bia ar líne a phlé agus conas í a mheas. Bain úsáid as an leagan Gaeilge d'acmhainní Webwise chun iniúchadh a dhéanamh ar shábháilteacht ar líne i nGaeilge. Tá deiseanna ann d'fhoghlaimeoirí a bheith rannpháirteach i bhfeasacht maidir le sábháilteacht ar líne taobh amuigh den seomra ranga, mar shampla trí páirt a ghlacadh i dtionscnaimh feasachta, amhail seachtain na folláine, mí na frithbhulaíochta, etc. Is féidir le foghlaimeoirí páirt a ghlacadh i dtionscnaimh/cláir ábhartha Idirbhliana nó ceannasaíochta mar shampla Comórtas an Eolaí Óig de chuid BT, Tionscadal na Nuálaithe Sóisialta Óga, Comórtas Scannán FÍS, nó Comórtas Scannán What's Your Story. | ☐ | ☐ |
| **Tá na foghlaimeoirí iad féin páirteach i soláthar an oideachais maidir le sábháilteacht ar líne agus ardú feasachta sa scoil e.g. trí mheantóireacht piaraí, mar shampla, Clár Oiliúna d'Ambasadóirí maidir leis an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte.**<br>• Glacann foghlaimeoirí páirt i dtionscnaimh atá treoraithe ag scoláirí mar shampla, Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, Seachtain na Frithbhulaíochta, etc. | ☐ | ☐ |
| **Tá ceachtanna maidir le sábháilteacht ar líne agus saoránacht dhigiteach idirdhealaithe go cuí do réimse na bhfoghlaimeoirí i do scoil de réir mar is gá.**<br>• Tá roghanna idirdhealaithe ar fáil in acmhainní teagaisc Webwise. Is féidir le scoileanna rochtain a fháil ar réimse d'acmhainní saor in aisce chun tacú le foghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais anseo. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 4. Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

### 4.1 Polasaí

Cuireann an snáithe seo ar a gcumas do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil struchtúir éifeachtacha ann chun polasaí maidir le Sábháilteacht ar Líne a fhorbairt agus a athbhreithniú, go bhfuil Sábháilteacht ar Líne neadaithe i bpolasaithe ábhartha eile agus go dtacaítear le cur i bhfeidhm polasaithe trí chórais éifeachtacha tuairiscithe agus smachtbhannaí.

Tabhair faoi deara: Ceanglaítear ar scoileanna dul i gcomhairle le múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí maidir lena dtuairimí agus a moltaí i dtaca leis an úsáid a bhaineann foghlaimeoirí as gléasanna ar leis an scoil iad, mar aon le gléasanna pearsanta, taobh istigh den scoil agus i gcaitheamh an lae scoile. Maidir leis sin, ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as na socruithe comhairliúcháin seanbhunaithe logánta. Moltar go núsáidfeadh scoileanna suirbhéanna, grúpaí fócais agus ceistneoirí chun faisnéis a bhailiú maidir le hábhair imní agus léargais i dtaca le húsáid gléasanna agus guthán cliste. https://www.webwise.ie/teachers/considerations-for-smartphone-use-in-schools/.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá AUP ag an scoil atá cothrom le dáta agus é aontaithe trí chomhairliúchán le foghlaimeoirí, baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí.**<br>● Is doiciméad tábhachtach é Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) ina bpléitear leis na cearta, pribhléidí, freagrachtaí agus smachtbhannaí ar fad a bhaineann le húsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den scoil, lena náirítear a núsáid ar líne agus as líne. Moltar sa dea-chleachtas go ndéantar an AUP a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. | ☐ | ☐ |
| **Léirítear treoirlínte agus riachtanais na Straitéise Digití do Scoileanna sna beartais ábhartha.**<br>● Is í fís na Straitéise Digití do Scoileanna go 2027 gur féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach a bheith ina cúnamh chun feabhas a chur ar an oideachas do gach duine óg i scoileanna ar fud na hÉireann. Is é is aidhm don Straitéis tacaíocht a thabhairt do gach foghlaimeoir chun scileanna digiteacha a fhorbairt agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta digití, agus san am céanna a bheith sábháilte agus slán ar líne. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 4. Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

### 4.1 Polasaí

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Léiríonn an AUP an cleachtas molta reatha maidir le húsáid shábháilte na dteicneolaíochtaí ar líne.**<br>• Is dea-chleachtas é cloí leis na céimeanna molta agus AUP á fhorbairt: Struchtúir a Thionscnamh agus a Bhunú, Athbhreithniú agus Taighde, Polasaí a Dhréachtú, Dáileadh agus Comhairliúchán, Daingniú agus Cumarsáid, Cur Chun Feidhme, Monatóireacht, Athbhreithniú, Meastóireacht agus Leasú. | ☐ | ☐ |
| **Tá tagairt déanta do shábháilteacht ar líne i bpolasaithe ábhartha eile na scoile atá ar bun ag an scoil. (e.g., Frithbhulaíocht, Cód Iompair, Polasaí Cosanta Sonraí, ráiteas um Chumhdach Leanaí)**<br>• Tugtar aghaidh ar shábháilteacht ar líne taobh istigh de pholasaithe ábhartha eile de chuid na scoile, amhail an Polasaí Frithbhulaíochta, an Cód Iompair, an Polasaí Cosanta Sonraí agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. | ☐ | ☐ |
| **Tá gach páirtí leasmhar páirteach i bhfoirmiú, i gcur chun feidhme agus in athbhreithniú an AUP.**<br>• Ba cheart dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara uile na scoile i bhforbairt an pholasaí idirlín – múinteoirí, daltaí, boird bhainistíochta, tuismitheoirí agus caomhnóirí. Féadfaidh múinteoir an próiseas a threorú nó grúpa nó coiste comhordúcháin a chur ar bun chun an próiseas a threorú. Dhéanfadh cur chun feidhme éifeachtach ar pholasaí deimhin de go mbíonn gach ball foirne eolach ar an bpolasaí seo, lena náirítear baill foirne pháirtaimseartha agus baill foirne nua de réir mar is gá. | ☐ | ☐ |
| **Déantar an AUP a nuashonrú ar bhonn rialta (go bliantúil más féidir).**<br>• Tá próiseas athbhreithnithe ar bun agus déantar polasaí a nuashonrú ar bhonn rialta. Ba chóir athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bpolasaí go rialta. Ós rud é go mbíonn an teicneolaíocht ag athrú an-sciobtha i gcónaí, ní mór don scoil a chinntiú go leanfaidh an polasaí agus na nósanna imeachta ann de bheith éifeachtach. | ☐ | ☐ |
| **Léiríonn polasaí na scoile tiomantas na scoile chun gníomhú maidir le heachtraí sábháilteachta ar líne a théann i bhfeidhm ar fholláine na foirne agus ar na foghlaimeoirí.**<br>• Beidh gach scoil éagsúil bunaithe ar an úsáid a bhaintear as Teicneolaíocht Dhigiteach inti, ach go ginearálta, tá roinnt réimsí a ndéantar polasaí ina leith i bhformhór na scoileanna. Mar shampla, gealltanas a fháil ó fhoghlaimeoirí go gcoimeádfaidh siad faisnéis phearsanta príobháideach nuair a bheidh siad ar líne. Is réimsí tábhachtacha iad freisin na rialacha maidir le cibearbhulaíocht a thuairisciú agus iarrachtaí ar ábhar míchuí a fháil ón Idirlíon. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 4. Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

### 4.1 Polasaí

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá íomhánna digiteacha, físeán, fuaime agus na meán sóisialta a úsáid ar bhealach atá sábháilte ina comhpháirt de chlár oideachais na scoile um shábháilteacht ar líne agus polasaí ábhartha na scoile.** | ☐ | ☐ |

### 4.2 Cosaint Sonraí

Déantar cur síos sa rannán seo ar an dóigh a gcomhlíonann an scoil reachtaíocht cosanta sonraí agus ar conas a bhainistíonn sí sonraí pearsanta.

Tá duine ábhartha ainmnithe ag an scoil agus freagrachtaí soiléire acu maidir le cosaint sonraí
Deimhnigh go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ag an duine ainmnithe chomh maith le saineolas maidir le dlíthe agus cleachtais cosanta sonraí.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) ceaptha ag an Scoil, má bhíonn gá leis faoi RGCS, nó tá an scoil ar an eolas maidir leis an teagmhálaí DPO don scoil.**<br>• Cosaint Sonraí – Bí eolach ar do Dhualgais: https://www.dataprotection.ie/ga/organisations/know-your-obligations/oifigigh-cosanta-sonrai | ☐ | ☐ |
| **Nuair ba ghá faoi Alt 30 rinne an scoil mapáil sonraí agus iniúchadh próiseála sonraí agus coinníonn sí taifead cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí próiseála.**<br>• Is féidir Measúnachtaí ar Thionchar Cosanta Sonraí a úsáid chun aon rioscaí a aithint agus a mhaolú ó thionscadal nua a bhaineann le cosaint sonraí, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar d'eagraíocht nó ar dhaoine aonair a mbíonn caidreamh aici leo. https://dataprotection.ie/ga/organisations/know-your-obligations/measunaithe-tionchair-ar-chosaint-sonrai Cuireann Alt 30 den RGCS ceanglas ar rialaitheoirí agus próiseálaithe taifead mionsonrach a bheith acu laistigh dá neagraíochtaí a shainaithníonn go beacht na gníomhaíochtaí a dhéanann an eagraíocht a úsáideann sonraí pearsanta. Tabhair faoi deara go bhfuil roinnt díolúintí ann, féach lch. 5 https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2023-04/Records%20of%20Processing%20Activities%20%28RoPA%29%20under%20Article%2030%20GDPR.pdf | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

# 4. Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

## 4.2 Cosaint Sonraí

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá polasaí príobháideachais ag an scoil.**<br>● Ní mór faisnéis maidir le gach cineál próiseála a dhéanann scoil a bheith san áireamh i npolasaí príobháideachais, lena náirítear; cén fhaisnéis a bhailíonn do shuíomh gréasáin ó úsáideoirí, cad iad na modhanna a úsáideann sé chun an fhaisnéis sin a bhailiú (e.g. fianáin). Dréachtaigh agus coinnigh beartais phríobháideachais atá soiléir, achomair, trédhearcach mar aon le fógraí le haghaidh foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus baill foirne. Cuir san áireamh faisnéis maidir leis an gcineál sonraí pearsanta a bhailítear, cuspóirí na próiseála, an bunús dlí, tréimhsí coinneála sonraí, agus cearta aonair. | ☐ | ☐ |
| **Déantar beartais a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta**<br>● Is dea-chleachtas é gach polasaí scoile a athbhreithniú ar bhonn rialta. | ☐ | ☐ |
| **Má tá tú ag brath ar thoiliú faoin RGCS chun sonraí pearsanta a phróiseáil, tá bearta láidre toilithe ag an scoil le haghaidh gach ábhar sonraí ábhartha (foghlaimeoirí, múinteoirí, baill foirne, etc.)**<br>● Faoin RGCS, ní mór toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, agus é a bheith sonrach, soiléir agus feasach. Faigh toiliú soiléir, feasach a thugtar faoi shaoirse má bhíonn tú ag brath ar thoiliú mar bhunús dlí le haghaidh próiseála. Bí cinnte go bhfuil rochtain éasca ar fhoirmeacha toilithe agus ní mór duit bealach soiléir a chur ar fáil do dhaoine aonair chun toiliú a tharraingt siar ag aon am. | ☐ | ☐ |
| **Má tá soláthraithe/díoltóirí tríú páirtí ann – Tá seiceáil déanta ag an scoil féachaint an gcomhlíonann siad RGCS.**<br>● Ní mór duit a bheith eolach ar na beartais phríobháideachais atá ag aon seirbhís nó cuideachta tríú páirtí a úsáideann tú ar bhonn díreach (nó ar bhonn indíreach). Má bhíonn siad ag déanamh oibre ar do shon ba cheart duit deimhin a dhéanamh de go mbíonn siad ailínithe le do pholasaí príobháideachais. Ciallaíonn sé sin gur cheart go gcomhlíonfadh siad RGCS chomh maith. Tá scoileanna fós freagrach mar rialaitheoirí le haghaidh aon tríú páirtí a úsáideann siad agus níor cheart dóibh ach soláthraithe a úsáid a bhfuil siad cinnte go gcomhlíonann siad RGCS. | ☐ | ☐ |
| **Tá measúnacht ar thionchar sonraí agus measúnú riosca déanta ag an scoil de réir mar is gá.**<br>● Is féidir Measúnachtaí ar Thionchar Cosanta Sonraí a úsáid chun aon rioscaí a aithint agus a mhaolú ó thionscadal nua a bhaineann le cosaint sonraí, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar d'eagraíocht nó ar dhaoine aonair a mbíonn caidreamh aici leo. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 4. Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

### 4.2 Cosaint Sonraí

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá polasaí coinneála dréachtaithe agus á choimeád ag an scoil.**<br>• Déan gníomhaíochtaí a shainaithint a bhfuil gá leo chun a chinntiú go bhfuil gach oibríocht próiseála sonraí comhlíontach maidir le RGCS e.g. d'fhéadfadh sé go gciallófar leis sin sonraí a scriosadh mura bhfuil gá eile ann lena gcoinneáil. Mar riail ghinearálta níor cheart sonraí pearsanta a choimeád go ceann tréimhse nach faide ná an tréimhse is gá chun na críche dár bailíodh na sonraí ar an gcéad dul síos. Déanann an scoil sonraí nach bhfuil riachtanach a thuilleadh chun na gcríoch sainithe a athbhreithniú agus a scriosadh ar bhonn rialta. | ☐ | ☐ |
| **Tá nósanna imeachta ann chun sáruithe sonraí a thuairisciú agus a bhainistiú go hinmheánach (déantar aon sárú a dhoiciméadú, fiú iad siúd nach gá fógra a thabhairt ina dtaobh d'údaráis mhaoirseachta).**<br>• Bíonn sárú sonraí ann nuair a tharlaíonn eachtra slándála do shonraí a bhfuil do chuideachta/eagraíocht freagrach astu agus nuair a tharlaíonn sárú rúndachta, infhaighteachta nó sláine mar thoradh air sin. | ☐ | ☐ |
| **Cinntíonn an scoil meicníochtaí dleathacha le haghaidh aistriú sonraí chuig tíortha atá taobh amuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).**<br>• Ba cheart go ndéanfar aistrithe chuig tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhréir iomlán le Caibidil V den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an "RGCS". | ☐ | ☐ |
| **Cuireann an scoil oiliúint ar fáil do gach ball foirne a bhíonn ag plé le sonraí pearsanta.**<br>• Ba cheart go gcuirfear an leibhéal cuí oiliúna ar fáil do bhaill foirne a bhíonn ag láimhseáil sonraí pearsanta. | ☐ | ☐ |
| **Glacann an scoil páirt in iniúchtaí tréimhsiúla sonraí agus athbhreithnithe maidir le RGCS a chomhlíonadh.**<br>• Is dea-chleachtas é iniúchtaí sonraí agus athbhreithnithe ar chomhlíontacht a dhéanamh ar bhonn rialta. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 4 Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

### 4.3 Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Cuireann an ghné seo ar a gcumas do scoileanna athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh i dtaca le hoiliúint do bhaill foirne maidir le sábháilteacht ar líne agus an gcaoi a roinneann siad saineolas.

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá oiliúint curtha i gcrích ag an bhfoireann uile atá ailínithe le hoiliúint maidir le cosaint agus cumhdach leanaí mar shampla tacaíocht ó Oide nó Tusla.**<br>● Tá freagracht reachtúil ar scoileanna faoi Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní mór dóibh beartais agus nósanna imeachta sonracha a fhorbairt maidir leis an gcaoi le timpeallacht shábháilte a chruthú chun dochar d'aon ghnó nó mí-úsáid leanaí atá ag úsáid a seirbhísí a chosc. Baineann na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna le gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus le gach ball den lucht foirne scoile. Rochtain ar Oiliúint um Chosaint Leanaí. | ☐ | ☐ |
| **Tá clár pleanáilte ann d'oiliúint maidir le sábháilteacht ar líne don fhoireann agus téitear siar air ar bhonn rialta agus déantar é a nuashonrú ar bhonn bliantúil de réir Threoir na Roinne Oideachais.**<br>● Cinntigh go bhfuil feasacht cothrom le dáta ag an bhfoireann uile maidir le hábhair a bhaineann le sábháilteacht ar líne, polasaí agus cleachtais reatha na scoile maidir le sábháilteacht ar líne agus nósanna imeachta um chosaint / cumhdach leanaí. | ☐ | ☐ |
| **Áirítear leis an gclár ionduchtúcháin do gach ball foirne nua oiliúint chumhdaigh a bhfuil sábháilteacht ar líne san áireamh ann.**<br>● Áirítear le cláir ionduchtúcháin d'fhoireann nua feasacht ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar líne, polasaí agus cleachtas reatha na scoile maidir le sábháilteacht ar líne agus nósanna imeachta um chosaint / cumhdach leanaí. | ☐ | ☐ |
| **Tá ball foirne ag an scoil a bhfuil freagracht aige/aici as sábháilteacht ar líne. Tá an duine a bhfuil freagracht acu as Sábháilteacht ar Líne i ndiaidh oiliúint bhreise a fháil maidir le sábháilteacht ar líne chun tacú lena ról.**<br>● Mar shampla cúrsaí ar Theicneolaíocht san Oideachas Oide ar líne a chur i gcrích, nó freastal ar sheimineáir ghréasáin de chuid Webwise le haghaidh múinteoirí. | ☐ | ☐ |
| **Tá an duine a bhfuil freagracht acu as sábháilteacht ar líne i ndiaidh deiseanna breise forbartha a shainaithint don phríomhfhoireann.**<br>● Mar shampla; Teicneolaíocht san Oideachas Oide agus Cúrsaí Webwise ar Líne; Seimineáir ghréasáin Webwise d'Oidí, tacaíocht Oide sa scoil. | ☐ | ☐ |

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Líne – Cuir Tús Leis

## 4 Cleachtas Polasaí agus Pleanáil

### 4.3 Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

| Ráiteas | Y | N |
|---|---|---|
| **Tá gach ball foirne eolach ar na bealaí cuí atreoraithe maidir le saincheisteanna cumhdaigh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fhoghlaimeoirí.**<br>● Tá an fhoireann eolach agus tuigeann siad polasaí ábhartha scoile, nósanna imeachta agus róil a bhaineann le sábháilteacht ar líne sa scoil, mar shampla an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus an Polasaí Frithbhulaíochta agus Nósanna Imeachta chun déileáil le heachtraí. | ☐ | ☐ |
| **Glacann an scoil gach deis chun coinneáil cothrom le dáta i dtaca le dea-chleachtas reatha maidir le sábháilteacht ar líne agus saoránacht dhigiteach, agus léirítear é sin san oiliúint.**<br>● Déanann an scoil gach iarracht chun coinneáil cothrom le dáta trí uasdátuithe ó chomhlachtaí ábhartha bainistíochta, ón Roinn Oideachais agus ó thacaíochtaí eile maidir le Sábháilteacht ar líne mar shampla trí Webwise.ie. Cuireann an scoil deiseanna uasoiliúna ar fáil don fhoireann trí fhreastal ar thionóil/ceardlanna ábhartha, oiliúint, a bheith páirteach in MOOCanna nó Cúrsaí ar Líne a chuireann Teicneolaíocht san Oideachas Oide ar fáil, ballraíocht i líonraí ábhartha nó rannpháirtíocht i mbraislí). | ☐ | ☐ |
| **Cinntíonn cultúr na scoile go mbíonn deiseanna ann don fhoireann tacaíocht a thabhairt dá chéile trí eolas agus dea-chleachtas a roinnt maidir le sábháilteacht ar líne.**<br>● Cothaigh cultúr ina dtugann an fhoireann tacaíocht dá chéile trí eolas agus dea-chleachtas a roinnt maidir le sábháilteacht ar líne. Déan an fhoireann a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí / modúil feabhsaithe/creidiúnaithe maidir le sábháilteacht ar líne e.g.; Teicneolaíocht san Oideachas Oide agus Cúrsaí ar Líne de chuid Webwise nó seimineáir ghréasáin Webwise d'Oidí. | ☐ | ☐ |

webwise.ie